Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 12 Bealtaine 2026**
**(OR. en)**

**9221/26**

**DELACT 88**
**PECHE 171**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 12 Bealtaine 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2026) 2983 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN<br>an 12.5.2026<br>lena leasaítear agus lena gceartaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le coinsíneachtaí ainmhithe áirithe, táirgí geirmeacha áirithe agus táirgí áirithe de bhunadh ainmhíoch a theacht isteach san Aontas, agus maidir lena ngluaiseacht agus lena láimhseáil tar éis a dteacht isteach |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 2983 final.

---

Faoi iamh: C(2026) 2983 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 12.5.2026
C(2026) 2983 final

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 12.5.2026**

**lena leasaítear agus lena gceartaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le coinsíneachtaí ainmhithe áirithe, táirgí geirmeacha áirithe agus táirgí áirithe de bhunadh ainmhíoch a theacht isteach san Aontas, agus maidir lena ngluaiseacht agus lena láimhseáil tar éis a dteacht isteach**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún[1], forlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2] a mhéid a bhaineann leis na rialacha sláinte ainmhithe maidir le coinsíneachtaí ainmhithe áirithe, táirgí geirmeacha áirithe agus táirgí áirithe de bhunadh ainmhíoch a theacht isteach san Aontas, agus maidir lena ngluaiseacht agus lena láimhseáil tar éis a dteacht isteach.

Tá feidhm ag Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón 21 Aibreán 2021. Ó bhí an dáta sin ann, leasaíodh an Rialachán Tarmligthe sin roinnt uaireanta. I ndiaidh na leasuithe sin, aimsíodh mion-earráidí eile sa Rialachán Tarmligthe sin. Ba cheart na hearráidí agus na heasnaimh sin a cheartú agus ba cheart athruithe a dhéanamh trí Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 a leasú dá réir sin.

Ina theannta sin, léiríodh leis an taithí a fuarthas ar chur i bhfeidhm an Rialacháin Tharmligthe sin an gá roinnt forálacha eile a bheachtú a thuilleadh. Dá bhrí sin, leis an Rialachán Tarmligthe seo, ba cheart na forálacha sin a leasú mar a leanas:

- **Raon feidhme:**
  - eisiatar geilitín agus collaigin agus táirgí an-mhínphróiseáilte de bhunadh ainmhíoch ón raon feidhme.
- **Coinníollacha sonracha le cur i bhfeidhm:**
  - Na coinníollacha sonracha atá le cur i bhfeidhm a shoiléiriú i ndáil le ráthaíochtaí um shláinte ainmhithe arna sannadh ag an Aontas sna liostaí de thríú tíortha nó críocha nó criosanna díobh a mhéid a bhaineann le coinsíneachtaí ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a theacht isteach san Aontas.
- **Ainmhithe a shainaithint:**
  - na ceanglais um shainaithint theicniúil maidir le crúbaigh, raitítigh agus éin i mbraighdeanas a theacht isteach san Aontas agus lena gcuimsítear cásanna ar leith nár tugadh aghaidh orthu i dtosach, na ceanglais sin a shoiléiriú agus a ailíniú.
- **Éin i mbraighdeanas agus a n-uibheacha goir le haghaidh cláir chaomhnúcháin:**
  - an díolúine atá ann faoi láthair a shoiléiriú agus í a athrú ina maolú a mhéid a bhaineann le héin i mbraighdeanas a theacht isteach san Aontas le haghaidh cláir chaomhnúcháin arna n-údarú ag údarás inniúil an Bhallstáit chinn scríbe agus an maolú sin a leathnú chuig uibheacha goir na n-éan i mbraighdeanas.
- **Táirgí feola:**

---

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le coinsíneachtaí ainmhithe áirithe, táirgí geirmeacha áirithe agus táirgí áirithe de bhunadh ainmhíoch a theacht isteach san Aontas, agus maidir lena ngluaiseacht agus a láimhseáil tar éis a dteacht isteach (IO L 174, 3.6.2020, lch. 379, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2020/692/oj).

[2] Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ('Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe') (IO L 84, 31.3.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/429/oj).

  - ceanglais a shoiléiriú maidir le táirgí feola a theacht isteach san Aontas.
- **Táirgí déiríochta:**
  - ceanglais a ailíniú maidir le táirgí déiríochta atá faoi réir cóireáil maolaithe riosca a theacht isteach san Aontas.
- **Uibheacha agus táirgí uibhe:**
  - ceanglais a ailíniú maidir le huibheacha agus táirgí uibhe atá faoi réir cóireáil maolaithe riosca a theacht isteach san Aontas.
- **Táirgí ilchodacha:**
  - ceanglais a leasú maidir le táirgí ilchodacha ina bhfuil táirgí feola, táirgí déiríochta, táirgí bunaithe ar ghruth buí nó táirgí uibhe a theacht isteach san Aontas.
- **Ceanglais íosta maidir le cláir vacsaínithe in aghaidh HPAI (fliú éanúil ardphataigineach) arna reáchtáil i dtríú tír:**
  - an fhaisnéis cheangailteach nach mór a chuimsiú i gcláir vacsaínithe tríú tír i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos in Iarscríbhinn III de Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún (AE) 2023/361.
- **Cóireálacha maolaithe riosca le haghaidh bainne agus táirgí déiríochta agus táirgí uibhe:**
  - n cóireálacha maolaithe riosca ábhartha a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn na comhairle eolaíche is déanaí.
- **Ainmhithe uisceacha:**
  - na ceanglais maidir le hainmhithe uisceacha a theacht isteach san Aontas a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn na comhairle eolaíche is déanaí.
- **Ainmhithe den speiceas eachaí:**
  - ceanglais a shoiléiriú maidir le hainmhithe áirithe den speiceas eachaí a theacht isteach san Aontas.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

Chuaigh an Coimisiún i gcomhairle le comhaltaí ón nGrúpa Saineolaithe um Shláinte Ainmhithe (E00930) maidir le hábhar an dréacht-Rialacháin Tharmligthe le linn cruinnithe a reáchtáladh an 8 Deireadh Fómhair 2024 agus an 6 Márta 2025. Tharraing na comhaltaí roinnt ráiteas anuas, a bhain le foclaíocht an dréacht-Rialacháin Tharmligthe chun feabhas a chur ar shoiléireacht an dréachtghnímh. Cuireadh san áireamh sa dréachtghníomh iad.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Tá an Rialachán seo le glacadh faoi chuimsiú Rialachán (AE) 2016/429, agus go háirithe de bhun Airteagal 234(2), Airteagal 237(4) agus Airteagal 239(2) de.

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 12.5.2026**

**lena leasaítear agus lena gceartaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le coinsíneachtaí ainmhithe áirithe, táirgí geirmeacha áirithe agus táirgí áirithe de bhunadh ainmhíoch a theacht isteach san Aontas, agus maidir lena ngluaiseacht agus lena láimhseáil tar éis a dteacht isteach**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ('An Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe')[1], agus go háirithe Airteagal 234(2), Airteagal 237(4) agus Airteagal 239(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Forlíontar le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún[2] na rialacha maidir le sláinte ainmhithe a leagtar síos i Rialachán (AE) 2016/429, a mhéid a bhaineann le coinsíneachtaí ainmhithe áirithe, táirgí geirmeacha áirithe agus táirgí áirithe de bhunadh ainmhíoch a theacht isteach san Aontas, lena ngluaiseacht agus lena láimhseáil tar éis a dteacht isteach san Aontas.

(2) Tugtar tuairisc in Airteagal 1(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ar ábhar agus ar raon feidhme an Rialacháin Tharmligthe sin agus tagraítear ann do rialacha, inter alia, maidir le coinsíneachtaí ainmhithe áirithe a theacht isteach san Aontas, agus maidir lena ngluaiseacht agus a láimhseáil tar éis a dteacht isteach. Maidir le geilitín agus collaigin mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I, pointí 7.7. agus 7.8., a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3], meastar, mar gheall ar a bpróiseas táirgthe, gur táirgí de bhunadh ainmhíoch iad nach bhfuil riosca ag baint leo a mhéid a bhaineann le galair in-tarchurtha ainmhithe a thagann faoi raon feidhme Rialachán (AE) 2016/429. Ina theannta sin, is táirgí de bhunadh ainmhíoch iad na táirgí an-mhínphróiseáilte a liostaítear i Roinn XVI d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004, ar soláthraíodh fianaise ina leith go gcuirtear deireadh

[1] IO L 84, 31.3.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/429/oj.

[2] Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le coinsíneachtaí ainmhithe áirithe, táirgí geirmeacha áirithe agus táirgí áirithe de bhunadh ainmhíoch a theacht isteach san Aontas, agus maidir lena ngluaiseacht agus a láimhseáil tar éis a dteacht isteach (IO L 174, 3.6.2020, lch. 379, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2020/692/oj).

[3] Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 lena leagtar síos rialacha sonracha sláinteachais le haghaidh bia de bhunadh ainmhíoch (IO L 139, 30.4.2004, lch. 55, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2004/853/oj).

le haon riosca sláinte ainmhithe nó poiblí le cóireáil na n-amhábhar a úsáidtear chun iad a tháirgeadh. Dá bhrí sin, is iomchuí geilitín, collaigin agus táirgí an-mhínphróiseáilte de bhunadh ainmhíoch a eisiamh ó raon feidhme Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692. Dá bhrí sin, ba cheart Airteagal 1(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 2020/692 a leasú dá réir sin.

(3) Ina theannta sin, in Airteagal 1(3), pointe(b) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 díolmhaítear éin i mbraighdeanas a allmhairítear le haghaidh cláir chaomhnúcháin atá údaraithe ag údarás inniúil an Bhallstáit chinn scríbe, ó chur chun feidhme na gceanglas sonrach sláinte ainmhithe agus a dteacht isteach san Aontas a mhéid a bhaineann le héanlaith chlóis agus le héin i mbraighdeanas. Chun cur i bhfeidhm ceart an eisiaimh sin a áirithiú, ba cheart an díolúine sin a fhoráil mar mhaolú in Airteagal 62 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 lena leagtar síos maoluithe ar na ceanglais um shláinte ainmhithe, a mhéid a bhaineann le héin i mbraighdeanas atá faoi réir coinníollacha nósanna imeachta agus coinníollacha substaintiúla, a theacht isteach san Aontas. Ina theannta sin, ba cheart cead a bheith ag údarás inniúil an Bhallstáit iontrála teacht isteach éan i mbraighdeanas a údarú, chomh maith lena n-uibheacha goir, le haghaidh cláir chaomhnúcháin arna nglacadh ag údarás inniúil an Bhallstáit chinn scríbe. Dá bhrí sin, ba cheart Airteagail 1 agus 62 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 a leasú dá réir sin.

(4) In Airteagal 10(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692, leagtar síos ceanglais maidir le cur i bhfeidhm coinníollacha a bhaineann leis an tsaoirse ó ghalar i ndáil le galair áirithe sa tríú tír nó críoch tionscnaimh, nó i gcrios díobh. Chun infheidhmeacht na gcoinníollacha sonracha a shoiléiriú, ar coinníollacha iad nach bhfuil teoranta don tsaoirse ó ghalar, is iomchuí forálacha breise a chur le hAirteagal 10a nua de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 i ndáil le hinfheidhmeacht coinníollacha sonracha breise nó ráthaíochtaí um shláinte ainmhithe arna leagan amach i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429.

(5) In Airteagail 21, 43 agus 53 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692, leagtar síos ceanglais maidir le crúbaigh, raitítigh agus éin i mbraighdeanas faoi seach a shainaithint. Chun comhréireacht na bhforálacha sin leis na caighdeáin ábhartha ISO. Dá bhrí sin, ba cheart Airteagail 21, 43 agus 53 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 a leasú.

(6) In Airteagal 24 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 leagtar síos ceanglais maidir le crúbaigh atá mar chuid de choinsíneacht atá beartaithe a theacht isteach san Aontas. I gcomhréir le mír 6 den Airteagal sin, ní mór do choinsíneachtaí each-ainmhithe na coinníollacha sonracha a leagtar amach in Iarscríbhinn XI, pointe 2 a chomhlíonadh, agus sin ag brath ar an ngrúpa sláintíochta a bhfuil an tríú tír nó críoch, nó crios díobh sannta dó sa liosta, grúpa arna chinneadh i gcomhréir le hIarscríbhinn XI, pointe 1. Chun scaipeadh na ngalar each-ainmhithe ábhartha ó thríú tíortha nó críocha, nó criosanna díobh chuig críoch an Aontais a chosc, tá sé riachtanach freisin na coinníollacha sonracha sin a chur i bhfeidhm ar thríú tír nó críoch, nó crios díobh i gcás ina dtuairiscítear inti aon cheann de na galair dá dtagraítear in Iarscríbhinn XI, pointí 2.1 go 2.5 le linn na tréimhse a shonraítear in Iarscríbhinn IV, pointe 2 nó 3. Dá bhrí sin, ba cheart Airteagal 24(6) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 a leasú dá réir. Mar sin féin, i gcás nach raibh galar dá dtagraítear in Iarscríbhinn XI, pointí 2.1 go 2.5 tuairiscithe riamh sa tríú tír nó críoch, nó crios díobh, nó nárbh ann don ngalar le linn na tréimhse a shonraítear in Iarscríbhinn IV, pointe 2 nó 3, ba cheart na hainmhithe sa choinsíneacht a dhíolmhú ó na coinníollacha sonracha a leagtar amach in Iarscríbhinn XI, pointe 2 agus ba cheart teacht isteach na n-each-ainmhithe sin san Aontas a cheadú.

Dá bhrí sin, ba cheart mír 7 nua a chur le hAirteagal 24 den Rialachán Tarmligthe sin chun foráil a dhéanamh maidir leis an bhféidearthacht sin. Dá bhrí sin, ba cheart Airteagal 24 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692, a leasú dá réir.

(7) In Airteagail 148 agus 149 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692, leagtar síos ceanglais maidir le coinsíneachtaí táirgí feola a theacht isteach san Aontas. Ina theannta sin, i gCuid B d'Iarscríbhinn XXV a ghabhann leis an Rialachán Tarmligthe sin, leagtar síos coinníollacha sonracha maidir le feol úr a theacht isteach san Aontas ó thríú tír nó críoch, nó crios díobh ina ndearnadh vacsaíniú in aghaidh an ghalair crúb agus béil. Chun maolú riosca cuí a áirithiú, ba cheart na coinníollacha sonracha sin a léiriú in Airteagal 148, pointe (b) agus in Airteagal 149(1), pointe (b) i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 a mhéid a bhaineann leis na féidearthachtaí feoil úr a fhoinsiú le haghaidh táirgí feola a phróiseáil nuair atá beartaithe a theacht isteach san Aontas. Dá bhrí sin, ba cheart Airteagail 148 agus 149 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 a leasú dá réir sin.

(8) In Airteagal 155 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 leagtar síos ceanglais maidir le táirgí déiríochta a theacht isteach san Aontas ó thríú tíortha. In Airteagal 121 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692, leagtar síos na ceanglais cóireála maidir le coinsíneachtaí táirgí de bhunadh ainmhíoch, seachas táirgí úr nó amh, lena n-áirítear táirgí déiríochta, a theacht isteach san Aontas. Ar mhaithe le comhsheasmhacht, ba cheart Airteagal 155 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 a leasú ionas go dtagróidh sé d'Airteagal 121. Dá bhrí sin, ba cheart Airteagal 155 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692, a leasú dá réir.

(9) In Airteagal 157 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 leagtar síos ceanglais maidir le coinsíneachtaí de tháirgí déiríochta atá faoi réir cóireáil maolaithe riosca, ar táirgí próiseáilte iad dar bunús bainne ámh a theacht isteach san Aontas. Ba cheart na ceanglais sin a athrú chun coinsíneachtaí de tháirgí déiríochta atá faoi réir cóireáil maolaithe riosca, ar táirgí próiseáilte iad dar bunús bainne ámh nó dar bunús táirgí déiríochta a shíolraigh ó bhainne amh, a theacht isteach san Aontas a cheadú. Dá bhrí sin, ba cheart Airteagal 157 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692, a leasú dá réir.

(10) In Airteagal 160 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692, leagtar síos ceanglais shonracha sláinte ainmhithe maidir le coinsíneachtaí táirgí uibhe a theacht isteach san Aontas. Ba cheart na ceanglais sin a athrú chun teacht isteach san Aontas coinsíneachtaí táirgí uibhe de thionscnamh tríú tír nó críoch, nó crios díobh atá liostaithe i ndáil le táirgí uibhe a theacht isteach san Aontas a cheadú faoi choinníollacha áirithe. Dá bhrí sin, ba cheart Airteagal 160 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692, a leasú dá réir.

(11) In Airteagal 162 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692, leagtar síos ceanglais maidir le coinsíneachtaí táirgí ilchodacha ina bhfuil táirgí próiseáilte de bhunadh ainmhíoch a theacht isteach san Aontas. Ba cheart Airteagal 162(2), pointe (a)(ii) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 a leasú chun tagairt do Theideal 1 de Chuid IV den Rialachán Tarmligthe sin a chur isteach, ina léirítear, *inter alia*, cá gcuirfear i bhfeidhm an chóireáil maolaithe riosca chomh maith le speicis na dtáirgí próiseáilte de bhunadh ainmhíoch a ndéanfar an chóireáil orthu, ar cóireáil í atá sannta ag an Aontas go sonrach don tríú tír, nó críoch nó crios díobh sa liosta. Ina theannta sin, chun comhsheasmhacht a áirithiú, ba cheart an tagairt don Aontas in Airteagal 162(2), pointe (b)(ii) den Rialachán Tarmligthe (AE) a leasú trí thagairt do Bhallstát a chur ina hionad. Dá bhrí sin, ba cheart Airteagal 162 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692, a leasú dá réir.

(12) In Airteagal 163 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692, leagtar síos ceanglais shonracha maidir le coinsíneachtaí táirgí ilchodacha ina bhfuil táirgí déiríochta nó táirgí

uibhe, nó ina bhfuil an dá cheann, a ndearnadh cóireáil orthu chun go n-éireoidís ina dtáirgí fadré ag teocht chomhthimpeallach. Ba cheart don Airteagal sin ceanglais níos mionsonraithe a leagan síos a mhéid a bhaineann le tionscnamh na dtáirgí déiríochta a úsáidtear chun na táirgí ilchodacha fadré a thairgeadh, agus leis an áit ar cheart an chóireáil maolaithe riosca a chur i bhfeidhm. Ina theannta sin, ba cheart Airteagal 163 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692, a ailíniú leis na ceanglais sláinte poiblí maidir le táirgí ilchodacha arna leagan síos go háirithe, in Iarscríbhinn III, Cuid XVI de Rialachán (CE) Uimh. 853/2004, agus in Airteagal 2, pointe (9), Airteagal 20(1) agus Airteagal 22(1), pointe (a) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2292 ón gCoimisiún[4] a theacht isteach san Aontas a mhéid a bhaineann le cur i bhfeidhm na cóireála maolaithe riosca agus an doiciméadacht nach mór a bheith ag gabháil le coinsíneachtaí táirgí ilchodacha ina bhfuil táirgí déiríochta nó táirgí uibhe, nó an dá cheann acu, agus a ndearnadh cóireáil orthu chun go n-éireoidís ina dtáirgí fadré ag teocht chomhthimpeallach ar a dteacht isteach san Aontas. Dá bhrí sin, ba cheart Airteagal 163 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692, a leasú dá réir.

(13) Le hAirteagal 22(4), pointe (b), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692, foráiltear nach gceadófar coinsíneachtaí each-ainmhithe a theacht isteach san Aontas ach amháin má thagann siad ó thríú tír nó críoch, nó crios díobh, nach ndearnadh vacsaíniú ann in aghaidh ghalair Chatagóir A dá dtagraítear i gCuid C d'Iarscríbhinn IV i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach san Iarscríbhinn sin, Cuid C, pointe 2. Chun bearta éifeachtacha i ndáil le maolú cuí riosca agus faireachas éifeachtach um thinneas Afracach eachaí agus chun aon mhíthuiscint fhéideartha a sheachaint, ba cheart an tagairt don vacsaíniú córasach a scriosadh ó Iarscríbhinn IV, Cuid C, pointe 2. Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn IV, Cuid C, pointe 2 a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 a leasú dá réir.

(14) I gcomhréir le hAirteagal 37(c), pointe (i), 105(c), pointe (i) agus Airteagal 141(c), pointe (i) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692, ní mór d'údarás inniúil an tríú tír thionscnaimh nó an tríú críoch tionscnaimh, ina ndéantar vacsaíniú in aghaidh an fhliú éanúil ardphataiginigh, ráthaíochtaí a thabhairt go gcomhlíonann an clár vacsaínithe na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn XIII den Rialachán Tarmligthe sin. Ba cheart an fhaisnéis íosta atá le cur leis na cláir vacsaínithe sin a ailíniú le hIarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/361 ón gCoimisiún[5]. Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 a leasú dá réir.

(15) In Iarscríbhinn XXVII agus XXVIII de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 leagtar amach na liostaí um chóireálacha maolaithe riosca i ndáil le bainne agus táirgí déiríochta agus i ndáil le táirgí uibhe faoi seach. Arna iarraidh sin don Choimisiún, rinne an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (EFSA) measúnú ar chóireálacha áirithe maolaithe riosca le haghaidh táirgí de bhunadh ainmhíoch, lena n-áirítear bainne agus

---

[4] Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2292 ón gCoimisiún an 6 Meán Fómhair 2022 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceanglais a bhaineann le coinsíneachtaí bia-ainmhithe áirithe agus earraí áirithe, atá beartaithe lena dtomhailt ag an duine, a theacht isteach san Aontas (IO L 304, 24.11.2022, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2022/2292/oj).

[5] Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/361 ón gCoimisiún an 28 Samhain 2022 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le húsáid táirgí íocshláinte tréidliachta áirithe chun galair liostaithe áirithe a chosc agus a rialú (IO L 52, 20.2.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/361/oj).

táirgí déiríochta agus táirgí uibhe, agus foilsíodh conclúidí an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia maidir le héifeachtacht na gcóireálacha maolaithe riosca sin i dtuairim eolaíoch maidir le 'Measúnú ar bhearta rialaithe le haghaidh ghalair Chatagóir A den Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe: toirmisc i gcriosanna srianta agus cóireálacha maolaithe riosca le haghaidh táirgí de bhunadh ainmhíoch agus ábhair eile'[6]. Ba cheart Iarscríbhinní XXVII agus XXVIII a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 a leasú, chun na cóireálacha éifeachtacha maolaithe riosca a mholtar sa tuairim sin ón Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus na caighdeáin idirnáisiúnta atá ann faoi láthair a chur san áireamh. Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinní XXVII agus XXVIII a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 a leasú dá réir.

(16) In Iarscríbhinn XXIX a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692, leagtar amach liosta na speiceas atá soghabhálach i leith galair a bhfuil bearta náisiúnta ag Ballstáit ina leith i gcomhréir le hAirteagal 226 de Rialachán (AE) 2016/429. I dtuairimí ón Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia a foilsíodh le déanaí maidir le galar baictéarach duáin[7], ionfhabhtú le *Gyrodactylus salaris*[8], neacróis phaincréasach thógálach[9], ionfhabhtú le halfa-víreas salmainide[10], agus víréime earraigh carbáin[11], rinneadh uasdátú ar speicis na n-ainmhithe uisceacha atá soghabhálach i leith na ngalar sin. Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn XXIX a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 a leasú chun na tuairimí sin ón Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia a chur san áireamh.

(17) In Iarscríbhinn XXX de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692, leagtar amach na coinníollacha faoina meastar speicis áirithe mar veicteoirí na ngalar ainmhithe uisceacha liostaithe. I ndáil le hionfhabhtú le *Mikrocytos mackini,* níl aon speiceas veicteora liostaithe in Iarscríbhinn XXX. I dtuairim le déanaí ón Údarás Eorpach um Shábhailteacht Bia ar 'Species which may act as vectors or reservoirs of diseases covered by the Animal Health Law: Listed pathogens of molluscs[12]' [Speicis a d'fhéadfadh gníomhú mar veicteoirí nó taiscí galar a chumhdaítear leis an Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe: Pataiginí liostaithe moileasc], sainaithníodh *Crassostrea virginica*

---

6 Measúnú ar bhearta rialaithe le haghaidh ghalair Chatagóir A den Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe: toirmisc i gcriosanna srianta agus cóireálacha maolaithe riosca le haghaidh táirgí de bhunadh ainmhíoch agus ábhair eile https://efsa.onlinelibrary.wiley.com/doi/epdf/10.2903/j.efsa.2022.7443.

7 Measúnú ar liostú agus catagóiriú na ngalar ainmhithe faoi chuimsiú an Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe (Rialachán (AE) 2016/429): Galar baictéarach duáin (BKD) https://efsa.onlinelibrary.wiley.com/doi/full/10.2903/j.efsa.2023.8326.

8 Measúnú ar liostú agus catagóiriú na ngalar ainmhithe faoi chuimsiú an Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe (Rialachán (AE) 2016/429): ionfhabhtú le Gyrodactylus salaris (GS) https://efsa.onlinelibrary.wiley.com/doi/full/10.2903/j.efsa.2023.8325.

9 Measúnú ar liostú agus catagóiriú na ngalar ainmhithe faoi chuimsiú an Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe (Rialachán (AE) Uimh. 2016/429): neacróis phaincréasach thógálach https://efsa.onlinelibrary.wiley.com/doi/full/10.2903/j.efsa.2023.8028.

10 Measúnú ar liostú agus catagóiriú na ngalar ainmhithe faoi chuimsiú an Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe (Rialachán (AE)2016/429): ionfhabhtú le halfa-víreas salmainide https://efsa.onlinelibrary.wiley.com/doi/full/10.2903/j.efsa.2023.8327.

11 Measúnú ar liostú agus catagóiriú na ngalar ainmhithe faoi chuimsiú an Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe (Rialachán (AE) 2016/429): víréime earraigh carbáin https://efsa.onlinelibrary.wiley.com/doi/full/10.2903/j.efsa.2023.8324.

12 Species which may act as vectors or reservoirs of diseases covered by the Animal Health Law: [Speicis a d'fhéadfadh gníomhú mar veicteoirí nó taiscí galar a chumhdaítear leis an Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe]: Listed pathogens of molluscs [Pataiginí liostaithe moileasc] https://efsa.onlinelibrary.wiley.com/doi/10.2903/j.efsa.2023.8173.

mar veicteoir i dtaobh ionfhabhtú le *Mikrocytos mackini*. Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn XXX a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 a leasú chun an tuairim sin ón Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia a chur san áireamh.

(18) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 a leasú dá réir sin.

(19) In a theannta sin, foráiltear in Airteagal 12 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692, maidir le maoluithe i ndáil le tréimhsí cónaithe each-ainmhithe áirithe. Faoi láthair, tagraíonn teideal an Airteagail sin go mícheart do mhaoluithe le haghaidh capaill atá cláraithe chun páirt a ghlacadh i gcomórtas, rásaí nó ócáidí cultúrtha. Dá bhrí sin, ba cheart teideal Airteagal 12 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 a leasú dá réir.

(20) Foráiltear in Airteagal 31(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 maidir le maolú, inter alia, ar an gceanglas tríú tír tionscnaimh nó tríú críoch tionscnaimh crúbach a liostú, ar ceanglas é a leagtar síos in Airteagal 3, pointe (a)(i), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692. Tá sé riachtanach Airteagal 31(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 a cheartú chun a áirithiú go dtagraíonn sé go cruinn d'Airteagal 3, pointe (a)(i) den Rialachán sin. Dá bhrí sin, ba cheart Airteagal 31 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692, a leasú dá réir.

(21) I gCuid B d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692, leagtar amach na coinníollacha sonracha is gá d'údarás inniúil an tríú tír nó críoch a chomhlíonadh i gcás ina bhfuil an tríú tír nó críoch, nó crios díobh, tar éis a bheith saor ó ghalair áirithe ar feadh tréimhse níos lú ná an tréimhse a leagtar amach sa tábla i gCuid A den Iarscríbhinn sin. Ba cheart an tagairt lochtach do phórú each-ainmhithe a scriosadh ón ró maidir le hionfhabhtú le *Burkholderia mallei* (Fothach) sa tábla i gCuid B d'Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán Tarmligthe sin mar ba cheart na hainmhithe soghabhálacha uile a chumhdach leis an gclár faireacháin, clár a dhéantar i mbunaíocht tionscnaimh each-ainmhithe atá le seoladh chuig an Aontas. Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 a leasú dá réir.

(22) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 a cheartú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*
*Leasuithe ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692*

Leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 1 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear isteach an fhomhír seo a leanas:

'Ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le coinsíneachtaí na dtáirgí de bhunadh ainmhíoch seo a leanas a theacht isteach san Aontas ná lena ngluaiseacht agus a láimhseáil tar éis a dteacht isteach:

(a) geilitín agus collaigin mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I, pointí 7.7. agus 7.8. a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004;

(b) táirgí an-mhínphróiseáilte de bhunadh ainmhíoch a liostaítear in Iarscríbhinn III, Roinn XVI, a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004.';

(b) i mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

'(b) éanlaith chlóis agus éin i mbraighdeanas (Teideal 3)';

(2) cuirtear an tAirteagal 10a seo a leanas isteach:

'*Airteagal 10a*

**Coinníollacha sonracha breise**

1. Sa bhreis ar na coinníollacha sonracha dá dtagraítear in Airteagal 10(3) den Rialachán seo, ceadófar coinsíneachtaí ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de thionscnamh ainmhíoch a thagann laistigh de raon feidhme an Rialacháin seo agus ar de thionscnamh tríú tír nó críoch, nó crios díobh, nó deighleog díobh i gcás ainmhithe uisceacha iad, a theacht isteach san Aontas má chomhlíonann siad na ceanglais ábhartha uile maidir leis an tsláinte ainmhíoch i ndáil le teacht isteach san Aontas a leagtar síos sa Rialachán seo agus, i gcás inarb infheidhme, aon choinníoll nó ráthaíocht sonrach eile um shláinte ainmhithe a bhaineann le galair atá sannta ag an Aontas sa liosta maidir leis an tríú tír nó críoch, nó crios díobh liostaithe i gcomhréir le hAirteagal 231, pointe (c) de Rialachán (AE) 2016/429.

2. Aon choinníoll sonrach breise dá dtagraítear i mír 1, cinnfear é de réir na gcritéar a leagtar amach in Airteagal 230(1), pointí (a), (b), (e), (f) agus (h) de Rialachán (AE) 2016/429.';

(3) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 21:

'*Airteagal 21*

**Crúbaigh a shainaithint**

1. Ní cheadófar coinsíneachtaí crúbach, cé is moite d'each-ainmhithe, a theacht isteach san Aontas ach amháin má sainaithníodh ainmhithe na coinsíneachta go haonarach sular seoladh ón mbunaíocht tionscnaimh iad, le ceann amháin ar a laghad de na modhanna sainaitheanta a leanas, ar modh sainaitheanta é lena suitear nasc dobhréagnaithe idir an t-ainmhí agus an deimhniú sláinte ainmhithe a ghabhann leis:

   (a) gnáthchlib cluaise ar a dtaispeántar cód sainaitheantais ar bhealach sofheicthe soléite doscriosta agus ar a bhfuil cód na tíre is onnmhaireoir i gcomhréir le Caighdeán ISO 3166-1 chomh maith le cód uathúil i gcarachtair uimhriúla;

   (b) clib cluaise leictreonach ar a dtaispeántar cód sainaitheantais ar bhealach sofheicthe soléite doscriosta agus ar a bhfuil cód na tíre is onnmhaireoir i gcomhréir le Caighdeán ISO 3166-1 chomh maith le cód uathúil i gcarachtair uimhriúla. Na cóid sainaitheantais leictreonacha, agus na cóid sofheicthe, beidh siad comhsheasmhach.

2. Ní cheadófar coinsíneachtaí each-ainmhithe a theacht isteach san Aontas ach amháin má shainaithníodh ainmhithe na coinsíneachta go haonarach sular seoladh ón mbunaíocht tionscnaimh iad, le ceann amháin ar a laghad de na modhanna seo a leanas:

   (a) ceann de na modhanna aitheanta a leanas lena suitear nasc dobhréagnaithe idir an t-ainmhí agus an deimhniú sláinte ainmhithe a ghabhann leis:

      (i) trasfhreagróir in-insteallta le cód sainaitheantais comhdhéanta de chód na tíre is onnmhaireoir i gcomhréir le Caighdeán ISO 3166-1 chomh maith le cód uathúil i gcarachtair uimhriúla;

      (ii) gnáthchlib cluaise ar a dtaispeántar cód sainaitheantais ar bhealach sofheicthe soléite doscriosta agus ar a bhfuil cód na tíre is

onnmhaireoir i gcomhréir le Caighdeán ISO 3166-1 chomh maith le cód uathúil i gcarachtair uimhriúla;

(iii) clib cluaise leictreonach ar a dtaispeántar cód sainaitheantais ar bhealach sofheicthe soléite doscriosta agus ar a bhfuil cód na tíre is onnmhaireoir i gcomhréir le Caighdeán ISO 3166-1 chomh maith le cód uathúil i gcarachtair uimhriúla. Na cóid sainaitheantais leictreonacha, agus na cóid sofheicthe, beidh siad comhsheasmhach.

(b) i gcás each-ainmhithe, seachas na cinn atá beartaithe lena marú, doiciméad sainaitheantais, arna eisiúint tráth nach déanaí ná am a demhnithe chun teacht isteach san Aontas, ina mbeidh:

(i) tuairisc agus léiriú ar an ainmhí, lena n-áirítear na modhanna malartacha chun é a shainaithint chun nasc dobhréagnaithe idir an t-ainmhí agus an doiciméad sainaitheantais a ghabhann leis a shuí;

(ii) faisnéis i ndáil leis an gcód uathúil a thagann ó thrasfhreagróir in-insteallta i gcás nach bhfuil an cód sin i gcomhréir leis na sonraíochtaí dá dtagraítear i bpointe (a).

3. De mhaolú ar mhír 1, féadfar teacht isteach san Aontas coinsíneachtaí crúbach atá beartaithe do bhunaíochtaí a cheadú má tá na hainmhithe sin sainaitheanta go haonarach ag trasfhreagróiri in-insteallta nó ag modh aitheanta malartach lena n-áirithítear nasc dobhréagnaithe idir an t-ainmhí agus an doiciméad sainaitheantais iontrála a ghabhann leis.

4. I gcás ina aithnítear crúbaigh le haitheantóir leictreonach nach gcomhlíonann caighdeáin ISO 11784 agus 11785, soláthróidh an t-oibreoir atá freagrach as na coinsíneachtaí crúbach a theacht isteach san Aontas an fheiste léitheoireachta lena mbeifear in ann aitheantas an ainmhí a fhíorú tráth ar bith.

5. De mhaolú ar mhír 1, bunaithe ar iarraidh ó thríú tír thionscnaimh nó críoch tionscnaimh ar an gCoimisiún agus faoi réir a chomhaontaithe, féadfar cód nach ionann é agus Caighdeán ISO 3166-1 chomh maith le cód uathúil i gcarachtair uimhriúla a chur in áit chód na tíre is onnmhaireoir dá dtagraítear in mír 1 agus i mír 2(a)';

(4) Leasaítear Airteagal 24 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

'6. Sa bhreis ar na ceanglais a leagtar síos i mír 1 den Airteagal sin, ní cheadófar coinsíneachtaí each-ainmhithe a theacht isteach san Aontas ach amháin má chomhlíonann ainmhithe na coinsíneachta na coinníollacha sonracha a leagtar amach in Iarscríbhinn XI, pointe 2, is é sin ceachtar díobh seo:

(a) ag brath ar an ngrúpa sláintíochta arna chinneadh i gcomhréir le hIarscríbhinn XI, pointe 1 a bhfuil an tríú tír nó críoch, nó crios díobh sannta dó sa liosta, nó

(b) i gcás inar tuairiscíodh tinneas Afracach eachaí, einceifealaimiailíteas eachaí Veiniséalach, *Burkholderia mallei* (Fothach), galar cúplála eachaí nó surra *(Trypanosoma evansi)* le linn na tréimhse a luaitear i gCuid A d'Iarscríbhinn IV, pointe 2 nó 3 sa tríú tír nó críoch, nó crios díobh';

(b) cuirtear an mhír 7 seo a leanas isteach:

‘7. De mhaolú ar mhír 6, pointe (a) agus ar na coinníollacha sonracha dá dtagraítear in Iarscríbhinn XI, pointe 2, ceadófar coinsíneachtaí na n-each-ainmhithe a theacht isteach san Aontas murar tuairiscíodh riamh galar a luaitear sa tábla in Iarscríbhinn XI, pointe 1, nó murar ann don ghalar le linn na tréimhse a luaitear i gCuid A d’Iarscríbhinn IV, pointe 2 nó 3 sa tríú tír nó críoch, nó crios díobh’;

(5) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 43:

‘*Airteagal 43*

**Raitítigh phórúcháin agus raitítigh táirgiúla a shainaithint**

1. Ní cheadófar coinsíneachtaí raitíteach pórúcháin agus raitíteach táirgiúil a theacht isteach san Aontas ach amháin má shainaithnítear ainmhithe na coinsíneachta go haonarach sula seoltar ón mbunaíocht tionscnaimh iad, le ceann amháin ar a laghad de na modhanna sainaitheanta seo a leanas, ar cód sainaitheantais é lena suitear nasc dobhréagnaithe idir an t-ainmhí agus an deimhniú sláinte ainmhithe a ghabhann leis:

(a) clib muiníl ar a dtaispeántar cód sainaitheantais ar bhealach sofheicthe, soléite doscriosta agus ar a bhfuil cód an tríú tír thionscnaimh nó críoch tionscnaimh i gcomhréir le Caighdeán ISO 3166-1 chomh maith le cód uathúil i gcarachtair uimhriúla;

(b) trasfhreagróir in-insteallta ar a dtaispeántar cód sainaitheantais ar bhealach sofheicthe soléite doscriosta agus ar a bhfuil cód an tríú tír thionscnaimh nó críoch tionscnaimh i gcomhréir le Caighdeán ISO 3166-1 chomh maith le cód uathúil i gcarachtair uimhriúla.

2. I gcás nach gcomhlíonann an trasfhreagróir in-insteallta caighdeáin ISO 11784 agus 11785, soláthróidh an t-oibreoir atá freagrach as an choinsíneacht raitíteach a theacht isteach san Aontas an fheiste léitheoireachta lena mbeifear in ann sainaitheantas na n-ainmhithe a fhíorú tráth ar bith.’;

(6) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 53:

‘*Airteagal 53*

**Ceanglais i ndáil le héin i mbraighdeanas a shainaithint**

1. Ní cheadófar coinsíneachtaí éan i mbraighdeanas a theacht isteach san Aontas ach amháin má shainaithnítear ainmhithe na coinsíneachta go haonarach sula seoltar ón mbunaíocht tionscnaimh iad, le ceann amháin ar a laghad de na modhanna sainaitheanta seo a leanas, ar modh sainaitheanta é lena suitear nasc dobhréagnaithe idir an t-ainmhí agus an deimhniú sláinte ainmhithe a ghabhann leis:

(a) fáinne dúnta greamaithe de chos amháin ar a laghad den éan ar a dtaispeántar cód aitheantais ar bhealach sofheicthe soléite doscriosta agus ar a bhfuil cód an tríú tír nó críoch inar sainaithníodh iad den chéad uair i gcomhréir le Caighdeán ISO 3166-1, chomh maith le cód uathúil i gcarachtair uimhriúla;

(b) trasfhreagróir in-insteallta ar a dtaispeántar cód aitheantais ar bhealach sofheicthe soléite doscriosta agus ar a bhfuil cód an tríú tír nó críoch inar

sainaithníodh iad den chéad uair i gcomhréir le Caighdeán ISO 3166-1, chomh maith le cód uathúil i gcarachtair uimhriúla.

2. I gcás ina sainaithnítear crúbaigh le trasfhreagróir in-insteallta, mar a thagraítear dó i mír 1, pointe (b), nach gcomhlíonann caighdeáin ISO 11784 agus 11785, soláthróidh an t-oibreoir atá freagrach as coinsíneachta na n-éan i mbraighdeanas a theacht isteach san Aontas an fheiste léitheoireachta lena mbeifear in ann sainaitheantas na n-éan i mbraighdeanas a fhíorú tráth ar bith.

3. De mhaolú ar mhír 1, in imthosca eisceachtúla féadfaidh an t-údarás inniúil glacadh le héin i mbraighdeanas nach gcomhlíonann forálacha na míre sin a mhéid a bhaineann le sainaithint agus leis an uimhir sainaitheantais aonarach, faoi réir chomhlíonadh na gcoinníollacha seo a leanas:

(a) is bunaíocht theoranta í ceann scríbe deiridh an éin i mbraighdeanas;

(b) sainaithníodh an t-éan i mbraighdeanas den chéad uair faoi chaighdeán aitheanta idirnáisiúnta eile;

(c) bhí sé do-dhéanta an t-éan i mbraighdeanas a shainaithint an athuair i gcomhréir leis na rialacha dá bhforáiltear i mír 1;

(d) níl aon amhras faoin tríú tír nó críoch inar sainaithníodh an t-éan i mbraighdeanas den chéad uair;

(e) suitear cód aitheantais an éin i mbraighdeanas le modh sainaitheanta a chruthaíonn nasc dobhréagnaithe idir an t-ainmhí agus an deimhniú sláinte ainmhithe a ghabhann leis.';

(7) In Airteagal 62, cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

'4. De mhaolú ar na ceanglais a leagtar síos in Airteagail 53 go 61 agus 115 agus 116, féadfaidh údarás inniúil an Bhallstáit iontrála teacht isteach san Aontas coinsíneachtaí éan i mbraighdeanas agus a n-uibheacha goir nach gcomhlíonann na coinníollacha sin a údarú i gcás:

(a) ina bhfuil siad beartaithe a theacht isteach san Aontas le haghaidh cláir chaomhnúcháin nó ar chúiseanna ar ghlac údarás inniúil an Bhallstáit chinn scríbe leo, agus

(b) inar thug údarás inniúil an Bhallstáit chinn scríbe údarú sonrach do gach coinsíneacht a theacht isteach agus chinn sé na rialacha is infheidhme maidir leis an teacht isteach sin.';

(8) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 148:

'*Airteagal 148*

**Táirgí feola nach bhfuil faoi réir cóireáil maolaithe riosca**

Ní cheadófar coinsíneachtaí táirgí feola a theacht isteach san Aontas mura ndearnadh cóireáil maolaithe riosca ar tháirgí feola na coinsíneachta i gcomhréir le hIarscríbhinn XXVI ach amháin i gcás:

(a) ina bhfuil an tríú tír thionscnaimh nó an tríú críoch tionscnaimh, nó crios díobh, liostaithe maidir le feoil úr den speiceas ábhartha a theacht isteach san Aontas, agus nach bhfuil coinníollacha sonracha i gcomhréir le Teideal 2, Caibidil 1 agus 2 de Chuid IV de dhíth chun feoil úr den chineál sin a theacht isteach san Aontas;

(b) inar chomhlíon an fheoil úr a úsáideadh chun an táirge feola a thairgeadh na riachtanais uile a bhaineann le feoil úr a theacht isteach san Aontas agus, dá bhrí

sin, bhí sí incháilithe chun teacht isteach san Aontas agus gur tháinig sí ó cheann amháin, ar a laghad, de na háiteanna a leanas:

(i) tríú tír nó críoch nó crios díobh, inar táirgeadh an táirge feola;

(ii) tríú tír nó críoch nó crios díobh atá liostaithe maidir feoil úr den speiceas ábhartha a theacht isteach san Aontas atá saor ón oibleagáid na coinníollacha sonracha dá dtagraítear i gCuid B d'Iarscríbhinn XXV a chur i bhfeidhm;

(iii) Ballstát.';

(9) in Airteagal 149, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Ní cheadófar coinsíneachtaí táirgí feola a theacht isteach san Aontas nach gcomhlíonann na ceanglais dá bhforáiltear in Airteagal 148 ach amháin má tá siad tar éis dul faoi cheann amháin, ar a laghad, de na cóireálacha maolaithe riosca a leagtar amach in Iarscríbhinn XXVI a arna sannadh go sonrach ag an Aontas don tríú tír tionscnaimh, nó críoch tionscnaimh nó crios díobh sa liosta táirgí feola i gcomhréir le hAirteagal 121, agus más de thionscnamh ceann amháin, ar a laghad, díobh seo a leanas an fheoil úr a úsáidtear chun na táirgí feola a tháirgeadh:

(a) tríú tír nó críoch nó crios díobh, inar táirgeadh an táirge feola;

(b) tríú tír liostaithe nó críoch nó crios díobh atá údaraithe i ndáil le feoil úr den speiceas ábhartha a theacht isteach san Aontas atá saor ón oibleagáid na coinníollacha sonracha dá dtagraítear i gCuid B d'Iarscríbhinn XXV a chur i bhfeidhm;

(c) Ballstát.';

(10) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 155:

'*Airteagal 155*

**Cóireáil táirgí déiríochta**

Ní cheadófar coinsíneachtaí táirgí déiríochta a theacht isteach san Aontas ach amháin má tá táirgí déiríochta na coinsíneachta tar éis dul faoi chóireáil i gcomhréir le hAirteagal 121 mar a cheanglaítear faoi Airteagail 156 nó 157.';

(11) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 157:

'*Airteagal 157*

**Táirgí déiríochta atá faoi réir cóireáil maolaithe riosca**

1. Ní cheadófar coinsíneachtaí táirgí déiríochta nach gcomhlíonann na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 156 a theacht isteach san Aontas ach amháin má tá táirgí déiríochta na coinsíneachta tar éis dul faoi cheann amháin, ar a laghad, de na cóireálacha maolaithe riosca dá bhforáiltear i gcolún A den tábla in Iarscríbhinn XXVII i gcás:

(a) inar táirgí próiseáilte iad dar bunús bainne ámh nó dar bunús táirgí déiríochta a shíolraigh ó bhainne amh, agus i gcás ina bhfuarthas an bainne sin ón speiceas *Bos taurus, Ovis aries*, *Capra hircus, Bubalus bubalis* nó *Camelus dromedarius*;

(b) nach raibh an tríú tír thionscnaimh nó críoch tionscnaimh, nó crios díobh, saor ón ngalar crúb agus béal agus ó ionfhabhtú le plá na mbó ar feadh 12 mhí, ar a laghad, roimh dháta an chrúite nó i gcás ina ndearnadh vacsaíniú in aghaidh na ngalar sin le linn na tréimhse sin.

2. Ní cheadófar coinsíneachtaí táirgí déiríochta a theacht isteach san Aontas ach amháin má tá siad tar éis dul faoi cheann amháin, ar a laghad, de na cóireálacha maolaithe riosca dá bhforáiltear i gcolún B den tábla in Iarscríbhinn XXVII i gcás inar táirgí próiseáilte iad dar bunús bainne ámh nó dar bunús táirgí déiríochta a shíolraigh ó bhainne amh agus i gcás ina bhfuarthas an bainne sin ó speicis ainmhithe seachas iad siúd dá dtagraítear i mír 1, pointe (a).

3. Ní cheadófar coinsíneachtaí táirgí déiríochta ar táirgí próiseáilte iad dar bunús bainne ámh nó dar bunús táirgí déiríochta a shíolraigh ó bhainne amh i gcás ina bhfuarthas an báinne sin ó níos mó ná speiceas ainmhithe amháin, a theacht isteach san Aontas ach amháin má tá siad tar éis dul faoi cheann de na cóireálacha a leanas:

(a) an chóireáil maolaithe riosca is déine, ar a laghad, atá sannta do gach speiceas ainmhithe tionscnaimh i gcás ina ndéantar an bainne amh nó na táirgí déiríochta a mheascadh sula ndéantar an phróiseáil deiridh ar an táirge déiríochta; nó

(b) an chóireáil maolaithe riosca a bhaineann le gach speiceas ainmhithe tionscnaimh i gcás ina ndéantar na táirgí a mheascadh tar éis gach ábhar den táirge déiríochta a phróiseáil.';

(12) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 160:

'*Airteagal 160*

**Tríú tír thionscnaimh nó críoch tionscnamh, nó crios díobh, na dtáirgí uibhe**

Ní cheadófar coinsíneachtaí táirgí uibhe a theacht isteach san Aontas ach amháin más fíor do cheann amháin de na cásanna seo a leanas:

(a) is de thionscnamh tríú tír nó críoch, nó crios di iad atá liostaithe i ndáil le táirgí uibhe a theacht isteach san Aontas agus ina bhfuil clár faireachais á chur i bhfeidhm i leith an fhliú éanúil ardphataiginigh a chomhlíonann na coinníollacha a bhunaítear i gceann amháin díobh seo:

(i) Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo; nó

(ii) an Chaibidil ábhartha den Chód um Shláinte na nAinmhithe Talún ón Eagraíocht Dhomhanda um Shláinte Ainmhithe (WOAH); nó más

(b) de thionscnaimh tríú tír nó críoch, nó crios di, atá liostaithe i ndáil le táirgí uibhe a theacht isteach san Aontas agus i gcás ina bhfuil siad tar éis dul faoi chóráil maolaithe riosca oiriúnach mar a leagtar amach don táirge uibhe sonrach sin i bpointí 1 agus 2 sna táblaí in Iarscríbhinn XXVIII chun víreas an fhliú éanúil ardphataiginigh agus víreas an ghalair Newcastle a dhíghníomhú.';

(13) in Airteagal 162, leasaítear mír 2 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a)(ii):

'(ii) na ceanglais um shláinte ainmhithe i ndáil leis an táirge sonrach ar de bhunadh ainmhíoch é a theacht isteach san Aontas, mar a leagtar síos i dTeidil 1, 3, 4 agus 5 den Chuid seo,';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b)(ii):

'(ii) i mBallstát; nó';

(14) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 163:

'*Airteagal 163*

**Ceanglais eolaíocha maidir le táirgí ilchodacha áirithe ina bhfuil táirgí déiríochta, nó táirgí uibhe, nó an dá cheann acu**

1. Coinsíneachtaí táirgí ilchodacha nach bhfuil táirgí bunaithe ar ghruth buí ná táirgí feola, cé is moite de gheilitín agus collaigin, ná táirgí an-mhínphróiseáilte de thionscnamh ainmhíoch a liostaítear i gCuid XVI d'Iarscríbhinn III de Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 iontu agus a ndearnadh cóireáil orthu le go n-éireoidís ina dtáirgí fadré ag teocht chomhthimpeallach , ceadófar na coinsíneachtaí sin a theacht isteach san Aontas más éard atá iontu:

   (a) táirgí déiríochta a chomhlíonann ceann amháin de na coinníollacha seo a leanas:

      (i) is i mBallstát nó i dtríú tír nó críoch, nó crios díobh atá liostaithe i ndáil le táirgí déiríochta nach ndearnadh coiréal maolaithe riosca orthu a theacht isteach san Aontas a fuarthas na táirgí déiríochta; agus tá an tríú tír nó críoch nó crios díobh ina dtáirgtear an táirge ilchodach, murab ionann, liostaithe freisin i ndáil leis na táirgí sin a theacht isteach san Aontas gan cóireáil maolaithe riosca shonrach a dhéanamh orthu;

      (ii) rinneadh cóireáil maolaithe riosca dá dtagraítear i gcolún A nó B den tábla in Iarscríbhinn XXVII, cóireáil is ábhartha do speiceas tionscnaimh an bhainne, ar na táirgí déiríochta, ar choinníoll go bhfuarthas na táirgí déiríochta i mBallstát, nó i dtríú tír nó críoch, nó crios díobh, atá liostaithe i ndáil le táirgí déiríochta a theacht isteach san Aontas gan cóireáil maolaithe riosca shonrach a dhéanamh orthu inar cuireadh an chóireáil maolaithe riosca shonrach i bhfeidhm; agus tá an tríú tír nó críoch nó crios díobh ina dtáirgtear an táirge ilchodach liostaithe i ndáil leis na táirgí déiríochta sin a theacht isteach san Aontas agus cóireáil maolaithe riosca shonrach déanta orthu;

      (iii) rinneadh an chóireáil maolaithe riosca orthu, dá foráiltear i gcolún A nó B d'Iarscríbhinn XXVII, is ábhartha do speiceas tionscnaimh an bhainne, ar choinníoll go bhfuarthas san Aontas é, nó i dtríú tír nó críoch, nó crios di, atá liostaithe maidir le táirgí déiríochta a theacht isteach san Aontas agus cóireáil maolaithe riosca shonrach déanta orthu inar cuireadh an chóireáil maolaithe riosca shonrach i bhfeidhm; agus tá an tríú tír nó críoch nó crios di ina dtáirgtear an táirge ilchodach, murab ionann, liostaithe i ndáil le táirgí déiríochta a theacht isteach san Aontas a bhfuil cóireáil maolaithe riosca shonrach déanta orthu;

      (iv) rinneadh an chóireáil maolaithe riosca, dá foráiltear i gcolún A nó B d'Iarscríbhinn XXVII ar na hábhair déiríochta, beag beann ar speiceas tionscnaimh an bhainne, ar choinníoll go bhfuarthas na táirgí déiríochta i mBallstát ina ndearnadh an chóireáil maolaithe riosca orthu, nó i dtríú tír nó críoch, nó crios díobh, atá liostaithe i ndáil le táirgí déiríochta a theacht isteach san Aontas gan cóireáil maolaithe riosca shonrach a dhéanamh orthu inar cuireadh an chóireáil maolaithe riosca shonrach i bhfeidhm, nó i dtríú tír nó críoch nó crios díobh atá liostaithe i ndáil le táirgí déiríochta a theacht isteach san Aontas i gcás ina ndearnadh an chóireáil maolaithe riosca orthu; agus tá an tríú tír nó

críoch nó crios di ina dtáirgtear an táirge ilchodach liostaithe freisin i ndáil le táirgí déiríochta a theacht isteach san Aontas;

(b) táirgí uibhe atá tar éis dul faoi chóráil maolaithe riosca oiriúnach mar a leagtar amach don táirge uibhe sonrach sin i bpointí 1 agus 2 sna táblaí in Iarscríbhinn XXVIII chun víreas an fhliú éanúil ardphataiginigh agus víreas an ghalair Newcastle a dhíghníomhú; agus tá an tríú tír nó críoch nó crios díobh, ina dtáirgtear an táirge ilchodach, murab ionann, liostaithe freisin i ndáil le táirgí uibhe a theacht isteach san Aontas.

2. De mhaolú ar Airteagal 3, pointe (a)(i) den Rialachán seo, agus de mhír 1 den Airteagal sin, maidir le coinsíneachtaí na dtáirgí ilchodacha ina bhfuil táirgí déiríochta dá dtagraítear i mír 1, pointe (a)(iv), agus maidir le coinsíneachtaí na dtáirgí ilchodacha ina bhfuil táirgí uibhe dá dtagraítear i mír 1, pointe (b) den Airteagal sin a ndearnadh cóireáil orthu chun go n-éireoidís ina dtáirgí fadré ag teocht chomhthimpeallach, ceadófar na coinsíneachtaí sin a theacht isteach san Aontas i gcás ina dtáirtear iad i dtríú tír nó críoch, nó crios díobh nach bhfuil liostaithe go sonrach i ndáil leis na táirgí sin de bhunadh ainmhíoch a theacht isteach san Aontas ach atá liostaithe i ndáil le táirgí feola, táirgí déiríochta nó táirgí uibhe a theacht isteach san Aontas i gcomhréir leis an Rialachán seo, nó táirgí éisc i gcomhréir le hAirteagal 127 de Rialachán (AE) 2017/625.

3. De mhaolú ar Airteagal 3, pointe (c)(i) den Rialachán seo ceadófar coinsíneachtaí na dtáirgí ilchodacha dá dtagraítear i mír 1 agus mír 2 den Airteagal seo a theacht isteach san Aontas má tá dearbhú ann arb ionann sin agus dearbhú príobháideach arna shainmhíniú in Airteagal 2, pointe (9) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2292 ón gCoimisiún*.

4. Maidir leis an dearbhú dá dtagraítear i mír 3:

(a) ní ghabhfaidh an dearbhú sin le coinsíneachtaí táirgí ilchodacha ach amháin i gcás ina bhfuil ceann scríbe deiridh na dtáirgí ilchodacha san Aontas;

(b) beidh sé ullmhaithe agus sínithe ag oibreoir na gnólachta bia, mar a shainítear in Airteagal 3, pointe (3) de Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**, atá freagrach as coinsíneachtaí táirgí ilchodacha a theacht isteach san Aontas, agus dearbhófar go gcomhlíonann na táirgí ilchodacha na ceanglais a leagtar síos i mír 1 nó i mír 2 nó sa dá mhír.

-------------

* Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2292 ón gCoimisiún an 6 Meán Fómhair 2022 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceanglais a bhaineann le coinsíneachtaí bia-ainmhithe agus earraí áirithe atá beartaithe lena dtomhailt ag an duine a theacht isteach san Aontas (IO L 304, 24.11.2022, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2022/2292/oj).

** Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos prionsabail agus ceanglais ghinearálta dhlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta i dtaca le sábháilteacht bia (IO L 31, 1.2.2002, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2002/178/oj).';

(15) Leasaítear Iarscríbhinní IV, XIII, XXI agus XXVII go XXX i gcomhréir le Cuid A den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*
*Ceartúcháin ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692*

Ceartaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad theideal Airteagal 12:

'*Airteagal 12*
**Maoluithe maidir le tréimhse chónaithe ainmhithe áirithe den speiceas eachaí**';

(2) in Airteagal 31, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. De mhaolú ar na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 3 mír (a)(i) agus in Airteagal 28(1), ceadófar coinsíneachtaí crúbach ó bhunaíochtaí i dtríú tíortha agus i dtríú críocha nach gcomhlíonann na ceanglais sin a theacht isteach san Aontas má tá sé beartaithe iad a choinneáil i mbunaíochtaí teoranta agus ar choinníoll:

(a) go bhfuil sé do-dhéanta na ceanglais sin a chomhlíonadh mar gheall ar thosca eisceachtúla nach raibh coinne leo;

(b) go bhfuil na coinsíneachtaí sin i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 32.';

(3) Ceartaítear Iarscríbhinn IV i gcomhréir le Cuid B den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 3*
*Teacht i bhfeidhm*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 12.5.2026

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*